
## Fiosrú faoi Shiméadracht Fhrithchaite[94]

Is meáin oiriúnacha chun patrúin scáthánacha a fhiosrú iad pionnachláir agus pionnaí nó ilghreillí. Ní úsáideann daltaí ach leath de phatrún nó de chruth agus críochnaíonn siad é. Ba chóir línte nó siméadracht nó línte scáthánacha fiara, cothrománacha agus ingearacha a fhiosrú.





## Cluichí Pionnachláir[95]

Is féidir le daltaí cluichí a chur le chéile le himirt ar phionnachláir, ar ilghreillí nó ar pháipéar cearnógach. Seo a leanas cluiche molta amháin:




1. Marcáiltear an líne shiméadrachta nó an líne scáthánach agus glacann gach dalta sealanna chun pionna a chur ar an gclár.
2. Ní mór don dara himreoir suíomh phionna an imreora eile a scáthánú ar a t(h)aobh féin.
3. Ansin, leagann an dara himreoir pionna ar an gclár ansin agus ní mór don chéad imreoir an suíomh a scáthánú.
4. Tosaíonn daltaí ag úsáid teanga a bhaineann le suíomh agus déantar forbairt bhreise uirthi i Leibhéal D.

## Fiosrú: Dúshlán Siméadrachta[96]

Déantar fiosrú go córasach ar raon dearthaí siméadracha ar féidir iad a chruthú trí chearnóga iomlána a scáthú ar an ngreille thíos. Is féidir le daltaí úsáid a bhaint as greillí glana nó as páipéar cearnógach chun a gcuid torthaí a chuntas.

*Cé mhéad ceann is féidir a aimsiú? An bhfuair do chomhdhaltaí samplaí/réitigh eile?*






---

[94] Deboys and Pitt (2007, lch 161)
[95] Deboys and Pitt (2007, lch 161)
[96] Nasc chuig Siméadracht Seandálaíochta: http://nrich.maths.org/1886